Plean Maidir le Ceacht Tíreolaíochta Sraithe Sóisearaí Comaitéireacht Ghlas

Nasc curaclaim

CUID A: Gnáthóg dhaonna – próisis agus athrú.

Eochairsmaoineamh

Is gá dúinn laghdú mór a dhéanamh ar úsáid ár gcarranna agus cabhair agus spreagadh a thabhairt san ionad oibre agus ar scoil do lucht siúlóide, rothaíochta agus iompair phoiblí.

Torthaí foghlama

Ba chóir go mbeadh daltaí in ann

- Fadhbanna tráchta agus iompair ina bpobal féin a aithint.
- Bealaí a aithint chun úsáid carranna ina bpobal féin agus ina scoil féin a aithint.
- Measúnú a dhéanamh ar na straitéisí bainistíochta tráchta ina gceantar féin. Eco Eye Clip – Clean air

Gearrthóga Eco Eye – Aer glan

Comaitéireacht níos glaise cun na scoile agus chun na hoibre

Is í an bhagairt is mó ar cháilíocht ár n-aeir ná astuithe cáithníneacha as trácht ar na bóithre. Is iomaí sin cúis atá againn chun teacht amach as an gcarr: brú tráchta, sábháilteacht, sláinte agus athrú aeráide. Sa ghearrthóg seo, tá Duncan ag breathnú ar cad atá ar siúl ag scoileanna, ag comhlachtaí agus ospidéal áirithe chun a n-iarmhairt ar an gcomhshaol a bhíonn ag a gcuid taistil a mhaolú.

Breathnaigh ar na gearrthóga agus comhlánaigh na cleachtaí tuisceana.

Tuiscint

Comaitéireacht níos glaise chun na scoile agus chun na hoibre

1. Iompar is bun le timpeall _____dár n-astuithe CO_2.

2. Cén fáth go ndúirt Duncan gur maith an ní ceathrar a bheith i gcarr, dar leatsa?

_____

_____

_____

3. Cad atá san "Aon Chéim Bheag Amháin", mar fheachtas? Is féidir leat logáil isteach ag an suíomh idirlín thíos, chun tuilleadh eolais a fháil (tugtar "Ionaid Oibre Níos Stuama Ó Thaobh Taistil De" mar ainm ar an bhfeachtas sin anois).

_____

_____

_____

4. http://www.smartertravelworkplaces.ie/ Úsáid an t-áireamhán taistil chun costas do thurais chun na scoile a ríomh, nó an costas ar thuras ar bith eile a dhéanann tú go rialta.

Costas _____

5. Cén céatadán de laghdú ar úsáid carranna atá bainte amach ag Ospidéal Mater?

_____

6. Luaigh ceithre bhealach inar spreag Ospidéal Mater fostaithe chun úsáid carranna a laghdú:

1 _____

2_____

3_____

4_____

7. Mínigh cad is brí le ráiteas seo Duncan: “Caithfimid athoiliúint a chur ar an gcéad ghlúin eile chun atheolas a chur ar an gcomaitéireacht mar a chleachtaimis í – rothaíocht agus siúl”.

_____

_____

8. Conas as spreagann Scoil Mhaelrúin daltaí dul chun na scoile de rothaíocht nó de shiúl?

_____

_____

_____

9. Is féidir leat _____ rothar a pháirceáil i spás nach féidir ach carr amháin a pháirceáil ann.

10. Cuireann carr aon tonna meáchain _____ tonna CO_2 amach gach bliain.

11. Conas a thacaigh An Taisce le hiarrachtaí na scoileanna?

_____

_____

_____

12. Luaigh bealaí inar chabhraigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas, chomh maith:

_____

_____

_____

13. Luaigh ceithre chúis ar gá dúinn teacht amach as ár gcarranna:

1_____

2_____

3_____

4_____

14. Sa bhliain 1986, chuaigh _____ % de na leanaí scoile ar fad chun na scoile de shiúl.

Sa bhliain 2006, chuaigh _____ % de na leanaí scoile ar fad chun na scoile de shiúl.

15. Cén fáth gur cúis imní an treocht sin?

_____

_____

_____

Fairsingiú Gníomhaíochtaí

Obair aonair – Naisc traschuraclaim (Mata/TF)

Tabhair cuairt ar shuíomh idirlín an Phríomh-Ionad Staidrimh tríd an nasc thíos. Taispeánfar ann sonraí Daonáirimh ó 1986 go 2006
http://www.cso.ie/census/census2006results/volume_12/tables_1-17.pdf

Tábla 1 – ina léirítear eolas faoi conas a théann daoine os cionn 15 ar obair:

- Cos
- Rothar
- Bus,
- Traein, Dart
- Gluaisrothar
- Carr

Tábla 2 - ina léirítear an t-eolas céanna faoi conas a théann leanaí 5-15 ar scoil.

Tábla 3 - ina léirítear an t-eolas céanna faoi aoisghrúpa 13- 18 ag dul chun scoile/coláiste.

- Úsáid an t-eolas thuas chun graif oiriúnacha a tharraingt mar léiriú ar na hathruithe ó 1986 go 2006 i ngach aicme, mar shampla, mar bharraghraif, mar threoghraif, mar líneghraif.
- Cad iad na treochtaí i gcoitinne a léirítear sna graif?
- Cén fáth go bhfuil na treochtaí sin ina gcúiseanna tromchúiseacha imní?

Obair i ngrúpaí – Réitigh

Iarr ar an rang ransú smaointe a dhéanamh maidir le fadhbanna tráchta agus iompair ina bpobal féin, mar shampla, córas iompair phoiblí a bheith teoranta, brú tráchta, easpa áiseanna do rothaithe. Agus iad ag obair i ngrúpaí beaga, tiomsaíonn daltaí liosta réiteach maidir leis na

fadhbanna sin, d'fhonn úsáid carranna a laghdú ina bpobal féin agus ina scoil féin. B'fhéidir go mbeadh réitigh mar iad seo ina measc: páirceáil & taisteal, níos mó lánaí bus agus lánaí rothar, scéimeanna rothar saor in aisce, scéimeanna dola, córas iompair phoiblí le fóirdheontas, iarnród éadrom, traenacha faoi thalamh nó metro, toirmeasc ar charranna i lár na cathrach, praghas an pheitril a ardú, srl.

Grúpaí tuar ceatha

Tar éis do na grúpaí inar phlé ceathrar nó cúigear daltaí na bealaí is éifeachtaí chun úsáid carranna a laghdú, tugtar dath amháin as ceithre nó cúig cinn de dhathanna. Tagann daltaí leis na dathanna céanna le chéile i ngrúpaí, rud a chiallaíonn go mbíonn ionadaí as gach grúpa bunaidh sna grúpaí sin. Ina ngrúpaí nua, cuireann daltaí tuairiscí ar fáil faoi obair a ngrúpaí bunaidh (tuar ceatha). Ceapann gach grúpa urlabhraí thar a cheann chun labhairt faoi na réitigh chun úsáid carranna a laghdú. Is féidir athrá a sheachaint, ach:

- Aiseolas iomlán a bheith á thabhairt ag grúpa amháin agus pointí breise nár clúdaíodh ann á dtabhairt ag grúpaí eile.
- A iarraidh ar gach grúpa i ndiaidh a chéile aon phointe nua amháin a thairiscint.

Tugann grúpaí achoimrí ar thorthaí a smaointe ar bhileoga A3 a chuirtear ar taispeáint ansin.